



Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education
2010

Uimhir Lárionaid

7	1			
---	---	--	--	--

Uimhir Iarrthóra

--	--	--	--

Matamaitic

Modúl N5 Páipéar 1
(Gan Áireamhán)
Bonnsraith

[GMN51]



GMN51

DÉ LUAIN 7 MEITHEAMH
1.30 pm – 2.30 pm

Don Scrúdaitheoir
amháin

Uimhir Ceiste	Marcanna
1	
2	
3	
4	
5	
6	
7	
8	
9	
10	
11	
12	
13	
14	
15	

AM

1 uair an chloig.

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.

Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.

Freagair **gach ceann** de na **cúig** cheist **déag**.

Ba chóir do chuid oibre a thaispeáint go soiléir sna spásanna chuige sin mar is féidir go mbronnfar marcanna ar réitigh a bhfuil codanna díobh ceart.

Níl cead agat áireamhán a úsáid don pháipéar seo.

EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 56 an marc iomlán don pháipéar seo.

Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

Ba chóir duit rialóir, compáis, dronbhacart agus uillinntomhas a bheith agat.


Tá an Bhileog Foirmilí ar leathanach 2.

Marc
Iomlán


--

Bileog Foirmlí

$$\text{Achar traipéisiam} = \frac{1}{2}(a+b)h$$




$$\text{Toirt priosma} = \text{achar trasghearrtha} \times \text{fad}$$



Ceist 1

(a) Cad é an léamh scála atá á thaispeáint ag an tsaighead?



Freagra _____ [1]

(b) Ar an léaráid, taispeáin le saighead, an léamh 32.35



[1]


Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc

[Tiontaigh an leathanach

Ceist 1 ar lean

(c) Taispeánann an diall léamh brú ola.



(i) Cad é an brú ola?

Freagra _____ [1]

(ii) Thit an brú ola de 1.8 aonad. Ar an diall thuas, tarraing saighead leis an léamh nua a thaispeáint.

[1]

Ceist 2

Scrúdaitheoir Amháin


Marcanna Athmharc

(a) Tarraing sceitse de phirimid le bonn cearnógach sa spás seo thíos.

[1]


(b) Ainmnigh na cruthanna anseo thíos.

(i)



Freagra _____ [1]

(ii)



Freagra _____ [1]

[Tiontaigh an leathanach

Ceist 3

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc

Líne dóchúlachta



Dodhéanta Neamhdhóchúil Seans cothrom Dóchúil Cinnte

Roghnaigh an focal nó na focail is fearr ón líne dóchúlachta le cur síos ar an seans go dtarlódh gach ceann de na teagmhais seo a leanas.

Ag roghnú go randamach, lá sa tseachtain

(a) a bhfuil an litir A/Á ann,

Freagra _____ [1]

(b) a thosaíonn ar S,

Freagra _____ [1]

(c) a chríochnaíonn ar N,

Freagra _____ [1]

(d) a bhfuil níos lú ná ceithre litir ann.

Freagra _____ [1]

Ceist 4

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc

- (a) (i) Déan meastachán ar $19.1 \div 3.9$

Freagra _____ [1]

- (ii) Déan meastachán ar 298×4.12
Taispeáin do chuid oibre.

Freagra _____ [2]

- (b) Déan meastachán ar cá mhéad léine ar £8.65 an ceann is féidir a cheannach le £70

Freagra _____ [2]

- (c) Oibríonn Póilín ó 9 am go 12 am ar an Luan agus an Mháirt.
Oibríonn sí ó 4 pm go 9 pm ar an Chéadaoin agus an Aoine.
Faigheann sí £7.00 san uair.
Cá mhéad a fhaigheann sí in aghaidh na seachtaine?

Freagra £ _____ [3]

[Tiontaigh an leathanach

Ceist 4 ar lean**(d)** Ríomh

(i) $-4 + 12$

Freagra _____ [1]

(ii) $-4 - 3$

Freagra _____ [1]

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc

Ceist 5

Ainmnigh cruth tríshleasach ag a bhfuil siméadracht rothlach d'ord 3


Freagra _____ [1]

Scrúdaitheoir Amháin**Marcanna Athmharc****[Tiontaigh an leathanach**

Ceist 6

Puint (£)	5	20	35	50
Francanna na hEilvéise	8	32	56	80

(a) Breac na pointí agus tarraing graf malairte ar an eangach seo thíos.



(b) Úsáid an graf le:

(i) £28 a mhalartú ar fhrancanna Eilvéise.

Freagra _____ franc Eilvéise [1]

(ii) 66 franc Eilvéise a mhalartú ar Phuint (£).

Freagra £ _____ [1]

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc

Ceist 7

Tiontaigh

(a) 5 kg ina phuint ag glacadh leis go bhfuil 1 kg = 2.2 punt.

Freagra _____ punt [1]

(b) 100 lítear ina phiontaí ag glacadh leis go bhfuil 4 lítear = 7 bpionta.

Freagra _____ pionta [2]

(c) 60 msu ina km/u.

Freagra _____ km/u [2]

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc

[Tiontaigh an leathanach

Ceist 8

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc

(a) Ríomh

(i) $14 - 6 \div 2$

Freagra _____ [1]

(ii) $15 - 2(4 + 1)$

Freagra _____ [1]

(b) Cuir siombailí ó $+$, $-$, \times nó \div isteach sna boscaí le go mbeidh an t-áireamh ceart.

$12 \square 4 \square 2 = 4$ [1]

(c) Cuir péire lúibíní isteach san áireamh seo le go mbeidh sé ceart.

$5 \times 6 - 2 + 2 = 22$ [1]

Ceist 9

Tá dronuilleog 2.5 cm ar fád agus 6 cm ar leithead.
Mhéadaigh dalta an dronuilleog seo le fachtóir scála a ceathair.
Scríobh an fad nua agus an leithead nua.

Freagra Fad nua = _____ cm, Leithead nua = _____ cm [2]

Scrúdaitheoir Amháin**Marcanna Athmharc****[Tiontaigh an leathanach**

Ceist 10

Deir Réamonn “faigheann tú corruimhir i gcónaí nuair a shuimíonn tú 3 shlánuimhir leantacha”.

An bhfuil sé ceart? Luaigh fáth le do fhreagra.

Freagra _____ mar _____

_____ [2]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

Ceist 11

Bhí 30 peann luaidhe i mbosca.
 Bhí an bior briste ar 3 cinn de na pinn luaidhe.

- (a) (i) Roghnaigh mé peann luaidhe go randamach as an bhosca.
 Cad é an dóchúlacht **nach** raibh an bior briste ar an pheann luaidhe seo?

Freagra _____ [2]

Bhí an bior briste ar an chéad pheann luaidhe a roghnaigh mé agus níor chuir mé ar ais sa bhosca é.

- (ii) Cad é an dóchúlacht **go raibh** an bior briste ar an chéad pheann luaidhe eile a roghnaigh mé?

Freagra _____ [1]

- (b) Deir an comhlacht a dhéanann na pinn luaidhe go mbíonn bior ar 99% acu i gcónaí agus go mbíonn siad ullamh lena n-úsáid.
 An aontaíonn tú?
 Mínigh do fhreagra.

Freagra _____ mar _____
 _____ [1]

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc

[Tiontaigh an leathanach

Ceist 12

$$R = \frac{S(2 + T)}{6}$$


Faigh luach R nuair atá $S = 15$ agus $T = -10$

Freagra $R =$ _____ [3]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

Ceist 13

- (a) Frithchaith triantán A sa líne $x = 2$
Lipéadaigh do thriantán, B.



[2]

- (b) Tarraing íomhá thriantán A i ndiaidh rothlú 90° ar deiseal thart ar an pointe $(3, 0)$. Lipéadaigh do thriantán, C.

[2]

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc

[Tiontaigh an leathanach

Ceist 14

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc

(a) Ag glacadh leis go bhfuil $\frac{3024}{36} = 84$, scríobh an freagra ar 360×84

Freagra _____ [1]

(b) Socraigh cé acu de na ráitis seo a leanas atá fíor nó bréagach.
I ngach cás, luaigh sampla le tacú le do fhreagra.

(i) Ní bhíonn deilín ag uimhreacha diúltacha.

Freagra _____ mar _____ [1]

(ii) Faightear 1 nuair a iolraítear uimhir faoina deilín féin.

Freagra _____ mar _____ [1]

Ceist 15

Tá dhá mhirlín ghlasa agus cúig mhirlín ghorma istigh i mála ag Seán.
Cá mhéad mirlín gorm a chaithfidh sé a chur isteach sa mhála sa dóigh gurb é $\frac{4}{5}$
an dóchúlacht go roghnóidh sé mirlín gorm go randamach as an mhála?

Freagra _____ [2]

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc

